C/2026/2667

12.5.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí, atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1079 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1078 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit

(C/2026/2667)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1079 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1078 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí arna n-ainmniú sna hiarscríbhinní thuasluaite, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh, gur cheart do na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797, agus i Rialachán (AE) 2019/796 leanúint d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach.

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann, iarraidh, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 15 Eanáir 2027**, ag an seoladh seo a leanas, go ndéanfaí athmhachnamh ar an gcinneadh a rinneadh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Chinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú mír agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13.
([2]) IO L, 2026/1079, 12.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1079/oj.
([3]) IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 1.
([4]) IO L, 2026/1078, 12.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1078/oj.